CÚIRT BHREITHIÚNAIS
AN AONTAIS EORPAIGH

**PREASEISIÚINT Uimh. 39/24**

**Lucsamburg, 1 Márta 2024**

# Cuairt Uachtarán Phoblacht na Seice, Petr Pavel, ar Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh

Thug Uachtarán Phoblacht na Seice, Petr Pavel, cuairt inniu ar Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh. Bhí Milan Vašina, Ceann Caibinéad, Oifig an Uachtaráin, Jaroslav Zajíček, Stiúrthóir um Ghnóthaí Eachtracha, Oifig an Uachtaráin, Vladimír Bärtl, Ambasadóir Urghnách agus Lánchumhachtach Phoblacht na Seice chuig Ard-Diúcacht Lucsamburg agus Ronald Dofing, Ambasadóir Urghnách agus Lánchumhachtach Ard-Diúcacht Lucsamburg chuig Poblacht na Seice, in éineacht leis.

Chuir Koen Lenaerts, Uachtarán na Cúirte Breithiúnais, Jan Passer, Breitheamh den Chúirt Bhreithiúnais, chomh maith le Petra Škvařilová-Pelzl agus David Petrlík, Breithiúna den Chúirt Ghinearálta fáilte roimh Pavel agus iarradh air leabhar cuairteoirí na Cúirte a shíniú.

Labhair sé leis an Uachtarán Lenaerts, in éineacht le Eduard Hulicius, an tAire Stáit do Ghnóthaí Eachtracha, Vašina, Bärtl, Dofing, Zajíček, Passer, Marc van der Woude, Uachtarán na Cúirte Ginearálta, Škvařilová-Pelzl agus Petrlík, tar éis dó cuairt a thabhairt ar Mór-Sheomra na Cúirte Breithiúnais.

Ar deireadh, bhuail Pavel agus toscaireacht na Seice le baill foirne na hInstitiúide ar náisiúnaigh de chuid na Seice iad sa *Salle des pas perdus* os comhair an phictiúir 'Na cestě ' leis an ealaíontóir Seiceach Míla Doleželová.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Teagmháil phreasa: Jacques Zammit ✆ (+352) 4303 3355

**Fanaigí i dteagmháil linn !**